M7

AN ROINN OIDEACHAIS & EOLAÍOCHTA

26025

# *Scrúdú na hArdteistiméireachta* 2002

# Gaeilge Ardleibhéal

## Páipéar 1

170 MARC

**Déardaoin**
**6 Meitheamh**
**Tráthnóna, 1.30 go dtí 4.20**

*Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 2*

# *Treoracha d'iarrthóirí*

**FREAGAIR CEIST 1** ***(leathanach 3)*** **AGUS**

**CEIST 2** ***(leathanaigh 4-7)***

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*
*Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.*

# *Ceist 1*

## CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de **A, B, C** *nó* **D** anseo thíos.

*Nóta: Ní gá dul thar 500-600 focal nó mar sin i gcás ar bith.*

### A —AISTE— 100 marc

Scríobh AISTE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

(a) Ní fáiltiúil an tír í seo níos mó.
(b) Ní raibh de thoradh riamh ar chogaíocht ach tuilleadh cogaíochta.
(c) Éire—tír álainn trína chéile.

### B —SCÉAL— 100 marc

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo oiriúnach mar theideal air.

(a) An té a shantaíonn an t-iomlán, caillfidh sé an t-iomlán.
(b) Brú.

### C —ALT NUACHTÁIN/IRISE— 100 marc

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Chuir tú isteach ar áit ar chúrsa iriseoireachta trí Ghaeilge a bhí á eagrú ag Údarás na Gaeltachta. Bhí ort ALT a scríobh, agus é a sheoladh le d'iarratas, ar an ábhar:

*Is breá deas an rud í an óige.*

Scríobh an tALT a sheolfá chuig an Údarás.

(b) Bhí comórtas sa nuachtán *Foinse* ag iarraidh alt ar an ábhar seo a leanas:

*A bhfuil i ndán don Ghaeilge sa chéad seo.*

Scríobh an tALT a chuirfeá isteach don chomórtas.

### D — DÍOSPÓIREACHT/ÓRÁID— 100 marc

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Scríobh an CHAINT a dhéanfá, i ndíospóireacht scoile, ar son ***nó*** in aghaidh an rúin seo a leanas:

*Is é an t-airgead cúis agus máthair gach oilc.*

(b) Iarradh ort CAINT a thabhairt, ag cruinniú poiblí, ar an téama seo:

*Neodracht na hÉireann agus Cúrsaí Idirnáisiúnta.*

Scríobh an PÍOSA CAINTE a thabharfá ar an téama sin.

# Ceist 2

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **A** ar leathanaigh 4 (thíos) agus 5 (thall) ***agus*** **B** ar leathanaigh 6 agus 7.

**A**—35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*

**BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.**

# 2001—Bliain chinniúnach eile don Tuaisceart

**1**. Bliain chinniúnach eile i stair phróiseas na síochána i dTuaisceart Éireann ba ea 2001: an bhliain nuair a chuir an tIRA ceann le díchoimisiúnú arm—beart a bhí doshamhlaithe go dtí sin, dar lena lán. Scaoil an díchur arm an mharbhfháisc a bhí ar an bpróiseas polaitiúil agus bhí na forais ag téarnamh go tréan ag druidim le saoire na Nollag.



**2**. Mairfidh an bhliain sa chuimhne as ucht chinneadh an IRA i mí Dheireadh Fómhair ach beidh cuimhne freisin ar an nasc idir an cor stairiúil sin agus na heachtraí talamhchreathacha sna Stáit Aontaithe ar an 11 Meán Fómhair nuair a maraíodh na mílte in ionsaithe sceimhlitheoireachta.

**3**. D'imigh an seanreacht polaitíochta nuair a d'éirigh John Hume as ceannaireacht an SDLP agus Séamus Mallon as an leas-cheannaireacht maille lena phost mar Leas-ChéadAire. Dúshlán mór do cheannaireacht nua Mark Durkan agus Bríd Rodgers é ról torthúil éifeachtach a aimsiú dá bpáirtí sa ré úr i ndiaidh imeacht ailtire na síochána, John Hume.

**4**. Bhuail an DUP agus Sinn Féin trombhuillí ar an UUP agus ar an SDLP, faoi seach, i dtoghcháin sa Mheitheamh nuair a dearadh léarscáil pholaitiúil úr. Bhí athruithe ionadaíochta níos réabhlóidí fós á dtuar acu ach deis vótála a fháil. Níorbh iad amháin a bhí dearfach, áfach, ag druidim le deireadh na bliana; bhí an Feidhmeannas faoi lánseol, an Tionól i Stormont gnóthach agus rabharta de chruinnithe trasteorann á reáchtáil. Bhí an-amhras go deo faoina bhfuil i ndán don UUP agus don SDLP ach, den chéad uair le fada, bhí David Trimble ag bailiú nirt ina pháirtí féin agus bhí ceannaireacht nua an SDLP i mbun atheagair.

**5**. Bhí an tSeirbhís Phóilíneachta nua i mbun oibre agus náisiúnaithe—an SDLP—ar an mBord den chéad uair riamh, cé go raibh Sinn

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **A** *(ar leanúint)* anseo thíos ***agus*** **B** ar leathanaigh 6 agus 7.

**A** *ar leanúint*

35 mharc

Féin fós ag maíomh go raibh an tseirbhís easnamhach agus nach raibh ann ach RUC faoi ainm eile. Léirigh Ombudsman na bPóilíní, Nuala O'Loan, nach mbeadh sise ina gaidhrín uchta ag dream ar bith, póilíní ná polaiteoirí.

**6.** San fhómhar cuireadh alltacht ar an domhan nuair a chonacthas pictiúir theilifíse ó thuaisceart Bhéal Feirste d'agóid na nDílseoirí ag Scoil na Croise Naofa in Ard Eoin. Bhí dianteannas i dtuaisceart na cathrach ar feadh na bliana agus an UDA i mbun ionsaithe ar Chaitlicigh go seasta. Ar deireadh thiar thall chuir an Státrúnaí deireadh leis an gcur i gcéill oifigiúil go raibh sos cogaidh ar siúl ag an UDA nó ag an LVF. Lean easaontóirí poblachtacha, an Fíor-IRA agus an tIRA Leanúnach, leis an bhforéigean freisin.

**7.** Cailleadh naoi nduine déag in eachtraí foréigin; paraimíleataigh dhílseachta faoi deara marú chúig dhuine déag díobh agus Poblachtaigh a mharaigh ceathrar. Ba sa bhliain 2001, nuair a ceapadh deireadh nach mór a bheith leis na trioblóidí, a maraíodh an chéad iriseoir, Martin O'Hagan ón *Sunday World.*

(as alt in *Foinse*)

## *Ceisteanna*

(i) Deir teideal an tsleachta gur bhliain chinniúnach ba ea 2001 maidir le cúrsaí i dTuaisceart na hÉireann. Luaigh **dhá rud**, as an sliocht, a tharla le linn na bliana sin a bhí cinniúnach ó thaobh cur chun cinn na síochána de, dar leis an údar. — 7 mharc

(ii) (a) Cad eile a mhairfidh sa chuimhne chomh maith le cinneadh an IRA, de réir *an dara halt*? — 4 mharc

(b) Cén dúshlán atá ann do cheannaireacht nua an SDLP, Mark Durkan agus Bríd Rodgers, de réir *an triú halt*? — 4 mharc

(iii) Inis, i d'fhocail féin, céard a tharla sna toghcháin i mí an Mheithimh, de réir *an ceathrú halt*? — 6 mharc

(iv) Mínigh an difríocht idir dearcadh an SDLP agus dearcadh Shinn Féin ar an tseirbhís nua póilíneachta sa Tuaisceart, de réir *an cúigiú halt*? — 6 mharc

(v) (a) Céard a chuir alltacht ar an domhan i bhfómhar na bliana 2001, de réir *an séú halt*? — 4 mharc

(b) Luaitear *sa seachtú halt* gur tharla tubaiste áirithe i 2001 nár tharla cheana le linn thrioblóidí an Tuaiscirt. Céard a tharla? — 4 mharc

LÉAMHTHUISCINT 70 MARC
Freagair **B** ar leathanaigh 6 (thíos) agus 7 (thall).

**B**—35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*
**BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.**

# Dráma an Chéid



**1**. Breis agus 100 bliain ó shin a léiríodh an chéad dráma Gaeilge, *Casadh an tSúgáin*, le Dubhghlas de hÍde. Is tráthúil, mar sin, go bhfuil drámaíocht na Gaeilge go mór faoi chaibidil sna meáin faoi láthair.

**2**. Tamall gairid ó shin, in agallamh sa nuachtán *Foinse*, nocht an léiritheoir, Páraic Breathnach, roinnt tuairimí conspóideacha faoin drochstaid ina bhfuil drámaíocht na Gaeilge. I gcaint neamhbhalbh, léirigh sé a dhímheas ar na daoine sin 'a bhí ag plé go tubaisteach le drámaíocht na Gaeilge le 30 bliain anuas.'

**3**. Spreag an t-agallamh seo díospóireacht bhríomhar ar an chlár *Súgradh 's Dáiríre* ar Raidió na Gaeltachta, agus cúigear a bhfuil dlúthbhaint acu le drámaíocht na Gaeilge páirteach inti. Orthu sin bhí Deirdre Davitt, ó *Fhoras na Gaeilge*, a raibh páirt nach beag aici i mbunú *Amharclann de hÍde*—tionscnamh ar theip air, den chuid is mó, lucht féachana a mhealladh chun freastal ar dhrámaí Gaeilge.

**4**. Chuir mé suim ar leith ina raibh le rá aici ar an chlár faoina thábhachtaí agus atá sé ionad buan a bheith ag drámaíocht na Gaeilge i mBaile Átha Cliath le compántas agus léiritheoir dá cuid féin aici. Aontaím léi. Tá mé féin sách sean chun cuimhne a bheith agam ar *Amharclann an Damer* san ardchathair, amharclann a raibh compántas aisteoirí agus pobal féachana dá cuid féin aici toisc drámaí Gaeilge a bheith ar siúl go rialta inti. Theip ar *Amharclann de hÍde* pobal mar sin a chothú mar go mbíodh sí ag bogadh ó áit go háit agus gurbh éigean poiblíocht as an nua a dhéanamh do gach léiriú, rud a bhí thar a bheith costasach.

**5**. Tá iarracht ar siúl anois ionad na drámaíochta Gaeilge a dhéanamh den *Theatre Space @ The Mint* in aice le hArd-Oifig an Phoist i mBaile Átha Cliath. Cheadaigh *Foras na Gaeilge* deontas €152,000 do *Theatre Space* chun cuidiú le foireann na hamharclainne an méid sin a dhéanamh. Tá an stiúrthóir, Patrick Cahill, dóchasach go mbeidh rath ar an iarracht. 'Creidimid go n-éireoidh linn freastal ar mhargadh a bhfuil neamart déanta ann—má bhíonn ár gcuid léirithe ar ardchaighdeán,' a dúirt sé in agallamh.

**6**. Ach ní leor ardchaighdeán léirithe chun pobal Gaeilge na mbruachbhailte a mhealladh isteach

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **B** (ar leanúint) anseo thíos.

**B** *ar leanúint* 35 mharc

go lár na cathrach. D'fhreastail mé féin ar léirithe de chuid *Amharclann de hÍde*, a raibh aisteoirí den scoth iontu agus an léiriú féin thar a bheith ealaíonta, ach gan níos mó ná 20 duine i láthair ann. D'fhreastail mé ar léirithe a rinne grúpaí amaitéaracha ina raibh cuid den aisteoireacht thar a bheith lag agus bhí an halla lán go doras.

7. Is cuma cé chomh healaíonta agus atá an léiriú agus cé chomh hoilte agus atá na haisteoirí; mura mbíonn an dráma féin go maith, ní chuirfidh an pobal stró orthu féin freastal air. Agus cad is dráma maith ann? An dá rud is tábhachtaí, dar liom, scéal maith agus carachtair a n-éiríonn leo an lucht féachana a mhealladh chun suim a chur ina bhfuil i ndán dóibh. Ba mhinic an dá rud sin in easnamh ar go leor de na drámaí Gaeilge a cuireadh ar an stáitse le blianta anuas.

8. Ceird ar leith is ea dráma a scríobh agus ní leor cáil a bheith ar dhuine mar fhile nó mar úrscéalaí chun go mbeidh ar a c(h)umas dráma maith a scríobh. Ar chlár Raidió na Gaeltachta, pléadh ceist na teanga sna drámaí Gaeilge agus a thábhachtaí agus atá sé aisteoirí a bheith iontu a bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu.

9. Rinneadh iarracht tráth in *Amharclann na Péacóige* pobal an Bhéarla a mhealladh go drámaí Gaeilge le taispeántais ardáin a raibh mórchuid geáitsíochta iontu agus beagán cainte. Botún é, dar liom, a bheith ag iarraidh pobal an Bhéarla a mhealladh. Má chreidimid gur fiú drámaí Gaeilge a bheith ann, ba cheart an teanga a bheith ar ardchaighdeán. Má tá fiúntas ar bith sa dráma féin, cuirfidh na Béarlóirí stró orthu féin é a leanúint. (as alt in *The Irish Times*)

## *Ceisteanna*

(i) Cén fáth, *de réir an chéad alt*, a bhfuil sé tráthúil go bhfuil drámaíocht na Gaeilge faoi chaibidil sna meáin i láthair na huaire? 7 mharc

(ii) (a) *De réir an dara halt*, an bhfuil Páraic Breathnach sásta le staid dhrámaíocht na Gaeilge faoi láthair? Cuir fáth amháin le do fhreagra. 4 mharc

(b) *De réir an tríú halt*, cé a bhí páirteach sa díospóireacht bhríomhar a bhí ar an chlár *Súgradh 's Dáiríre* ar Raidió na Gaeltachta? 4 mharc

(iii) (a) Céard a bhí le rá ag Deirdre Davitt, ar an chlár *Súgradh 's Dáiríre*, ar aontaigh údar an ailt léi ina leith *(an ceathrú halt)*? 4 mharc

(b) Céard a dúradh ar an chlár raidió faoi chúrsaí teanga agus drámaíochta na Gaeilge, *de réir an ochtú halt*? 4 mharc

(iv) (a) Cén fáth, dar leat, ar tugadh *Amharclann de hÍde* mar ainm ar an amharclann Gaeilge a raibh baint nach beag ag Deirdre Davitt lena bunú? 4 mharc

(b) Theip ar *Amharclann de hÍde* lucht féachana a mhealladh chun freastal ar dhrámaí Gaeilge. Luaigh fáth amháin a bhí leis seo, de réir *an ceathrú halt*. 4 mharc

(v) Cad is dráma maith ann, dar leis an údar *sa seachtú halt*? 4 mharc